

Cia ór cheannchas mo chosnamh?

[Lambert MacKenna, 'Some Irish Bardic poems', *Studies* 37 (1948), 84-8]

1 Cia ór cheannchas mo chosnamh?
ní héistear ar n-athosnadh;
mithidh linn a eol d'fhagháil
dámadh eol inn d'iongabháil.

2 Eagail nach aidémhthar dhamh
cia ór cheannchas mo chosnamh;
cur linn as lámh fa dhochar
dámh sinn ar n-a sárachadh.

3 Ní cheileabh ní [as] sia ná soin
an té ar a ttarla ar liamhain;
cosg cáigh as éidear le hArt,
náir is gan mh'éigean d'fhurtacht.

4 Dá mbeadh gan énceannach uam
d'oighre Cuinn na ccolg ndiombuan
[ní fhuilngfeadh] só mh'osnadh air;
mo chosnamh as dó dhleaghair.

5 Do-chíd cách gur marbhadh mé
tar chumairce meic Mhóire;
sgéula dámadh áil le hArt
náir gan mh'éura nó m'fhurtacht.

6 Ní bhia meisi ag maoidheamh Airt,
dó féin as dúthcha ar ndíoghailt
- cá feirde mé a dhúthchacht damh? -
dúthracht Dé muna dearthar.

7 Fada go bhfhuileongad soin
mo mharbhadh d'aicme Fhiachaidh
racht salann an oinigh d'éag
doiligh nach marann Mairghréag.

8 Ní bhiadh Féilim fa dhíon damh
ná Tadhg ná ar ccara Cathal;
ní bhiadh an Calbhach ná Conn
ná Brian a n-anbhrath umom.

9 Mithidh dúinn, cidh deacair sin,
celeabhradh don fhéin Fhailghigh
ó nach mar an mogal flath
nar ghabh cogar ar chumthach.

10 Cuiream cúl re híbh Failghe,

ceanncham cairt ar ccumairghe,
mar do-ní an Gall gabham soir;
ní mharann clann an Chalbhaigh.

11 Druim riu do ba deacair dhamh
muna mhaitdis mo mharbhadh
rú madh sgarthain dá sgolaibh
marthain do chrú Chonchobhair.

12 Braithim d'Art - córaide ar gclódh -
gomadh urasa mh'iompódh
a measg Ghall ní gabhtar sinn
a ccarthain an tann tairgim.

13 D'éis charad do dhéanamh dhe
d'éis charthana meic Mhóire
dul uadh damadh éigin damh
truagh 's gomadh éidir mh'fhosdadh.

14 Leanmhain mo mharbhtha ó mhac Cuinn
mar shaoilim féin dá bhfaghuinn
don turusa linn as lór,
dob urasa inn d'iompódh.

15 Fuaras - ní d'adhnadh fholadh -
sgéal ar oighidh n-ollomhan,
an té 'sa fréamh ó bhfuilim;
lem sgéal as hé ionnsoighim.

16 Le druing d'uaislibh fhear Midhe
mac Aonghais ar n-oidine,
ceann ó cCobhthaigh, ceann na sgol,
torchair - nír fheall nar híocadh.

17 Oide éigeas innsi Fáil
do thuitim re cloinn gColmáin,
ní bhia mé ag maoidheamh an fhill;
do sgaoileadh hé fa Éirinn.

18 Tig an Calbhach fa loinn lais
d'agra mharbhtha meic Aonghais
díorma sluaigh go seol ccuradh
mar fhuair eol a ollamhan.

19 Mac Murchaidh is maithe cáigh
do dhíbirt chloinne Colmáin
do-niad énbháidh na n-aighidh,
siad d'énláimh dá n-ionnsaighidh.

20 Cruinnighid Gaoidhil Ghuirt Fhloinn

go Cnoc n-Aisde d'éis Dhomhnaill;
ann do breathnoigheadh an bháidh
ler leathnoigheadh clann Cholmáin.

21 “M’ollamh an leanfaidhi leam”
fiafroighis d’uaislibh Éireann;
freagra cháigh mun ollamh air
gurbh ollamh dháibh dá dhíoghail.

22 Gach neach dar fhiafraigh sé soin
dob í a fhreagra ar mhac Murchaidh;
“mé a ndeoigh a éarca as umhal
réalta eoil na healudhan.”

23 Bheith uile d’énaontaidh lais
a ndiaigh mharbhtha meic Aonghais
orfhuighle cháigh ima cheann;
dháibh fa comhuirle choitcheann.

24 Leannán folaigh chréche Cuinn
nír sguir do dhíoghuilt Dhomhnuill
go ttug fógra - cá dú dháibh -
a Fódla do chrú Colmáin.

25 Dénadh Art a aithris soin
tre fheall oirne d’fhuil Fhiachoidh;
ní dhligh gan díoghail an fhill
as ar ibh d’fhíonfhuil Oilill.

26 Dá mbeadh go n-éisdfeadh riamh ruinn
mac Móire nar dhiult doghruing
an fhuil ríogh as ithir d’Art
mithidh mo dhíon le a dúsacht.

27 Ní chreidim go ccualaidh mé
fuil uaibhreach Oilill Áine;
munar ghabh a ngruadhaibh Airt
uamhain damh gan mo dhíoghailt.

28 Fuil Chéin má do-chualaidh sinn
mó as fhada a-tá na toirrchim,
aire am dhíoghailsi do dhligh;
caidhe an fhíonfuilsí Éibhir.

29 An lá nach bia ag brosdadh Airt
mar chongnamh dhúinn far ndíoghailt
fuil Chonuill ceann na ccuradh
oruinn cá fearr folmhughadh.

30 Fíonfhuil Chathaoir ór fhás Art

iongnadh gan í dom fhurtacht;
ní chualaidh teagmháil riamh ruinn
nach biadh na headráin aguinn.

31 Fuil Rosa 'sa fréamh ó bhfuil
fuil uaibhreach Bhreasail Bhealuigh,
an dá fhíonfhuilsi as díon damh;
mo dhíoghuisi as díobh dleaghar.

32 Ós lé leantar do bhunadh
easonóir na healudhan,
an ccualaidh fuil Nuadhan Neacht,
go bhfuil mh' uabhar ag imtheacht.

33 Cara na héigne as sí sin,
do bheanas céill dom chairdibh,
- caidhe fuil Laoghaire Lorc? -
ní fhuil aonduine ar mh'fhurtocht.

34 Cá fuil dá n-áirmhim uime
dá ndeachaidh Art oruinne
nach orra rem dhíoghail díobh
tonna d'fhíonfhuil na n-airdríogh.

35 Do ghabhas geall ele air,
súil uaine an abhra chraobhaigh;
caithfidh mo riar gun rosg mhall,
ní bhiadh na thosd acht tamall.

36 Biaidh agam dá ndeachadh dhíom
fola uaisle na n-airdríogh
an taobh seang nó an ghruaidh ghealsoin
mur gheall uaidh rem uireasbhaidh.

37 Dá mbeath nach aontóchadh Art
ar gheall dar ghabhas mh'fhurtacht
an mhala sheang nó an bhas bhog
ní clos a gceann a charad.

38 An cumann do cheanglas ris
mac Cuinn a cceann ar ccairdis
beag nar dhearbhus nach bia ar bun
cia ór cheannchas mo chosnamh. Cia